# Treoir maidir le Seachtain Feasachta Seas Suas

3–7 Samhain 2025



Belong To LGBTQ+ Youth Ireland

"Is seachtain í seo ina léirítear go bhfuil fáilte anseo roimh gach dalta, beag beann ar a ngnéasacht nó a n-inscne, go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad sábháilte - i rith na bliana ar fad. Is pointe fócais é, a thugann deis dúinn mar scoil a chur in iúl do na scoláirí ar fad inár bpobal go bhfuil muid ag seasamh leo agus nach gcuirfear suas le bulaíocht ar bith. Tugann gníomhartha simplí, cosúil le gach ball foirne a bheith ag caitheamh bioráin tuar ceatha, le tuiscint go bhfuil sé sábháilte labhairt linn, agus go bhfuil muid ag tacú leat. De bhrí gur eispéireas an-uaigneach do daoine óga LADTA+ é an tréimhse sula dtagann siad amach nó díreach tar éis dóibh teacht amach, tá sé ríthábhachtach go léireofaí an tacaíocht seo."

— Liam Walsh, Príomhoide Choláiste Pobail Setanta, Baile Átha Cliath 15

**Táimid buíoch díobh sin a rinne maoiniú ar an tSeachtain Feasachta Seas Suas:**

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
An Roinn Oideachais agus Óige Department of Education and Youth
pobal government supporting communities
HSBC
ESB Energy for Generations Fund

**Faigheann an tSeachtain Feasachta Seas Suas tacaíocht ó:**

ASTI A century of service
TUI
ACCS
ETBI Education & Training Boards Ireland
ISSU
IGC Institute of Guidance Counsellors
JMB Joint Managerial Body
NAPD
Educate Together
NYCI National Youth Council of Ireland
Youth Work Ireland
Foróige
Youth Theatre Ireland

Belong To
13 Parliament St
Dublin 2, D02 P658

info@belongto.org
www.belongto.org
01 670 6223

Belong To is a registered charity in the Republic of Ireland
Registered Charity Number: 20059798. ©Belong To, 2025

# Fáilte

Agus í anois sé bliana déag ar an bhfód, tá an tSeachtain Feasachta Seas Suas tar éis fás sa chaoi is go bhfuil an tionscnamh scaipthe ar fud na tíre faoin am seo agus scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus seirbhísí óige ag glacadh go fonnmhar leis, chun cabhrú le go mothóidh na daoine óga ar fad sábháilte, rannpháirteach agus ar a suaimhneas. Tá a fhios againn ón taighde atá déanta go bhfuil seans níos mó ann go n-aireoidh scoláirí LADTA+ ar a suaimhneas in áiteanna ina bhfuil leibhéal níos airde tacaíochta foirne ar fáil dóibh.

Tá an obair seo ríthábhachtach – agus chun go gcuirfear i gcrích í, is gá go mbeadh tacaíocht ar fáil ó phobail uile na scoile. Tá muid thar a bheith buíoch díot féin agus de do chomhghleacaithe as bheith linn dár bhfeachtas bliantúil chun spásanna atá sábháilte agus tacúil a chruthú don óige LADTA+.

Ar an drochuair, faoi láthair, tá muid ag feiceáil iarrachtaí spriocdhírithe, comhordaithe chun droim láimhe a thabhairt don chuimsiú agus don chomhionannas anseo in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Tá sé ag éirí níos dúshlánaí dul i ngleic leis an bhfuath agus leis an mífhaisnéis a bhfuil sé mar aidhm acu faitíos a chur ar dhaoine. Chun an ceann is fearr a fháil air seo, ní mór dúinn teacht le chéile agus seasamh suas ar son na tíre seo againne, atá chomh hoscailte agus chomh comhbhách sin.

Tá ról ríthábhachtach ag suíomhanna oideachais agus ag seirbhísí óige mar a bhaineann leis seo. Tá a fhios againn ón taighde atá déanta go n-eascraíonn torthaí diúltacha fadtéarmacha as an mbulaíocht. Agus is mó seans go ndéanfaí bulaíocht ar dhaoine óga LADTA+ mar atá léirithe sa taighde Being LGBTQI+ in Ireland a foilsíodh anuraidh.[1] Go deimhin féin, ó 2016 i leith tá meabhairshláinte agus folláine na ndaoine óga LADTA+ imithe ar gcúl. Léiríonn na príomhstaitisticí ón tuarascáil sin go bhfeictear a thrí oiread níos mó de chomharthaí dúlagair agus imní i measc daoine óga LADTA+ in Éirinn sa lá atá inniu ann, i gcomparáid leis an dream óg i gcoitinne, a thrí oiread níos mó de dhroch-chomharthaí nó d'fhíordhroch-chomharthaí dúlagair agus imní, a thrí oiread féindíobhála agus cúig oiread an leibhéil iarrachtaí ar fhéinmharú.

Tá na staitisticí seo lom agus ghoillfidís ar dhuine ar bith. Ag an am céanna, rosc catha atá iontu dúinn go léir a deir linn go gcaithfidh muid seasamh suas. Gach is féidir linn a dhéanamh chun a chinntiú go bhfásfaidh na glúnta atá le teacht de dhaoine óga LADTA+ aníos agus a fhios acu go bhfuil meas orthu, go bhfuil fáilte rompu agus go bhféadfaidh siad a bheith ar a suaimhneas.

Sin é an misean atá againn, i gcomhar le gach múinteoir, príomhoide, comhordaitheoir agus duine óg, don tSeachtain Feasachta Seas Suas seo, ó 3 go 7 Samhain 2025.

Tugann an tSeachtain Feasachta Seas Suas deis dúinn ní hamháin díriú ar an mbulaíocht homafóbach, dhéfhóbach agus thrasfhóbach a laghdú, ach féachaint chuige freisin nach dtarlaíonn sí. Tá an fhís againn de shochaí ina gcuirtear deireadh le bulaíocht frith-LADTA+, agus bíonn tusa ag cuidiú leis an bhfís sin nuair a sheasann tú linn i rith na seachtaine.

Táimid bródúil go bhfuil maoiniú agus tacaíocht tugtha leis na blianta ag an Roinn Oideachais agus Óige don tSeachtain Feasachta Seas Suas.

Is é téama na Seachtaine Feasachta Seas Suas i mbliana ná an bhulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach a chosc tríd an bpolasaí Bí Cineálta a chur i bhfeidhm. Ceann de na croíphrionsabail a bhaineann le Bí Cineálta is ea an bhulaíocht a stopadh, agus an tuiscint againn gurb iad an t-oideachas agus an chomhbhá bunchlocha an eolais, an mheasa agus na cuimsitheachta.[2]

Leagtar amach sa treoir seo an t-eolas ar fad a theastóidh uait le Seachtain Feasachta Seas Suas a reáchtáil ar mhaithe leis an eolas, an meas agus an cuimsiú sin a fhorbairt i do scoil, i d'Ionad Ógtheagmhála nó i do sheirbhís óige, agus tá go leor smaointe ann i dtaobh gníomhaíochtaí a d'fhéadfá a eagrú chun nascadh leis an téama.

Chomh maith leis sin beidh tú in ann neart acmhainní praiticiúla a íoslódáil ónár mol oideachais ar líne.

Is mian linn a rá arís go bhfuil muid buíoch de gach uile scoil, seirbhís óige agus ionad Ógtheagmhála a ghlacann páirt i Seachtain Feasachta Seas Suas Belong To agus a thagann le chéile ar mhaithe le hÉire níos sábháilte, níos fearr agus níos cuimsithí a chruthú do dhaoine óga LADTQ+, agus cabhrú leo ionas go mbraithfidh siad cinnte go bhfuil siad san áit is dual dóibh a bheith.





**Moninne Griffith (sí/í)**
**POF, Belong To** - LGBTQ+ Ógra Éireann



01

# Seachtain Feasachta Seas Suas 2025



# Céard atá i gceist le Seachtain Feasachta Seas Suas?

Is tionscnamh náisiúnta í an tSeachtain Feasachta Seas Suas a eagraítear gach Samhain agus atá tiomnaithe d'aghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht fhrith-LADTA+ inár n-iar-bhunscoileanna, Ionaid Ógtheagmhála agus seirbhísí óige fud fad na hÉireann. Tá an feachtas sé bliana déag ar an bhfód anois in 2025 agus é ag fás bliain i ndiaidh bliana.

Tugann an tSeachtain Feasachta Seas Suas deis dúinn ardú croí a thabhairt don óige LADTA+, ceiliúradh a dhéanamh ar a n-éagsúlachtaí go léir agus, ag an am céanna, dlúthpháirtíocht agus tacaíocht a chothú. Níl muid díreach ag caint faoin mbulaíocht ar dhaoine LADTA+ a laghdú, teastaíonn uainn é a stopadh. Oibríonn sé mar mheabhrúchán ríthábhachtach gur rud tromchúiseach atá sa bhulaíocht a dhéantar ar dhaoine LADTA+ agus nach bhfuil aon ghlacadh leis.

Le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas, déanann daoine óga LADTA+ agus a gcairde, lucht oideachais agus na pobail iniúchadh ar fhéiniúlachtaí LADTA+, glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí a chuireann an cuimsiú chun cinn agus oibríonn siad le chéile chun spásanna sábháilte, fáilteacha a chruthú do gach duine óg.

## Cuspóirí na Seachtaine Feasachta Seas Suas

Agus Seachtain Feasachta Seas Suas á pleanáil agat i do scoil, ionad Ógtheagmhála nó seirbhís óige, d'fhéadfadh go gcabhródh sé príomhchuspóirí an fheachtais a choinneáil i gcuimhne:

- **Cuir leis an gcairdeas agus an tacaíocht a léiríonn daltaí eile do dhaltaí LADTA+.**
- **Cuir leis an tuiscint atá ag na daltaí eile, ag na múinteoirí, príomhoidí agus pobal na scoile ar fad ar mhic léinn LADTA+.**
- **Cuir leis an meas atá ar éagsúlacht na ndalaí LADTA+ agus ar a bhféiniúlacht.**
- **Cuir leis an seans atá ann go n-inseoidh daltaí LADTA+ faoi bhulaíocht.**

Agus gníomhaíochtaí á bpleanáil agat don tSeachtain Feasachta Seas Suas, is fiú smaoineamh ar an gcaoi a dtacaíonn gach tionscnamh le ceann amháin ar a laghad de na príomhchuspóirí seo. Mar shampla, má spreagtar na daltaí le múrphictiúr dlúthpháirtíochta nó clár fógraí a chruthú d'fhéadfadh go gcabhródh sé seo le cairdeas le daoine óga LADTA+ a chothú i measc a gcomhaoiseanna agus comhghuaillíocht leo a chur chun cinn.

D'fhéadfadh plé ranga ar an tionchar a bhíonn ag an mbulaíocht fhrith-LADTA+, mar shampla, cur chuige nialasach do scoile a threisiú agus an mhisneach a thabhairt do dhaltaí LADTA+ labhairt faoi aon deacrachtaí a bheadh acu.

Cuir do bhaill foirne agus na daoine óga ar an eolas faoi na cuspóirí seo ag tús na seachtaine agus coinnigh iad i gcroílár na ngníomhaíochtaí i rith na seachtaine, d'fhonn a chinntiú go mbeidh tuiscint chomhroinnte acu ar na haidhmeanna a theastaíonn ón tSeachtain Feasachta Seas Suas a bhaint amach. Is féidir aiseolas gan ainm a bhailiú trí shuirbhéanna roimh an tseachtain, agus ina diaidh, chun léargas luachmhar a fháil ar thionchar do chuid oibre.

**Breathnaigh ar ár mol oideachais ar líne áit** a bhfaighidh tú suirbhéanna samplacha a bheidh tú in ann a chur in oiriúint agus a úsáid i d'ionad féin, chomh maith le go leor acmhainní eile a d'fhéadfá a úsáid mar chuid de na gníomhaíochtaí a eagróidh tú don tSeachtain Feasachta Seas Suas.

## Acmhainní breise don tSeachtain Feasachta Seas Suas 2025

Chomh maith leis an treoir seo, tá roinnt acmhainní forlíontacha ar fáil ar líne i mBéarla agus i nGaeilge araon chun tacú leis an tSeachtain Feasachta Seas Suas, ar a n-áirítear:

- **Treoir Céim ar Chéim maidir le Seachtain Feasachta seas Suas a Óstáil**
- **Teanga agus Téarmaíocht**
- **Ag Gníomhú ar na Comhpháirtíochtaí**
- **Gníomhaíochtaí agus Bearta don tSeachtain Feasachta Seas Suas**

Is féidir leat teacht ar na hacmhainní seo agus tuilleadh ag **www.belongto.org**

*Má thugann tú an deilbhín seo faoi deara in áit ar bith sa treoir, ciallaíonn sé go bhfuil acmhainní breise ar fáil ar ár suíomh gréasáin a fhéadfaidh tú a úsáid agus ina bhfuil tuilleadh eolais faoi na topaicí sin.*

# An Fáth go gCaithfidh muid Spásanna Cuimsitheacha LADTA+ a Chruthú

## An Fáth go gCaithfidh muid Seasamh Suas

Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn mar a bhaineann le comhionannas do dhaoine LADTA+. Tá sé 10 mbliana anois ó tharla reifreann comhionannais pósta na bliana 2015 – pointe tábhachtach i stair na hÉireann, nuair a sheas an tír i gcomhghuaillíocht leis na daoine LADTA+. Chuir muid in iúl do dhaoine óga, an bhliain sin, go raibh sé sábháilte teacht amach, sábháilte a bhféiniúlacht a léiriú, agus gur tír nua, fhorásach í Éire. Laistigh den chóras oideachais, rinneadh iarrachtaí móra timpeallachtaí a bheadh sábháilte, cuimsitheach agus tacúil a chruthú do dhaltaí LADTA+ i scoileanna ar fud na tíre.

Ar an drochuair, 10 mbliana ina dhiaidh sin, tá mionlach, atá beag ach glórach, ag iarraidh an dul chun cinn a bhí déanta agus na cearta agus an comhionannas a bhí faighte a chur ar ceal. Tá neart fós le déanamh.

Fuair an Suirbhé *School Climate 2022,* a rinne Ollscoil Columbia i gcomhar le Belong To, amach nach mbraitheann 76% de dhaoine óga LADTA+ in Éirinn go bhfuil siad sábháilte ar scoil.[3]

Léiríonn an taighde seo freisin, nár múineadh OSPS ar bhealach a thugann aitheantas don fhéiniúlacht LADTA+ ach do 35% de na daltaí LADTA+ sa bhliain acadúil 2021/22. Tarraingíodh aird freisin, in athbhreithniú ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a foilsíodh in 2019, ar go raibh féiniúlachtaí LADTA+ in easnamh ón gcuraclam.[4] Fuarthas amach le linn an athbhreithnithe gur tharraing daoine óga aird, thar aon ní eile, ar a laghad ionadaíochta a bhí ag féiniúlachtaí LADTA+ sa churaclam agus luaigh tuismitheoirí agus foireann na scoile é seo go minic.

Mar fhreagra air sin, san athfhorbairt ar an gcuraclaim OSPS don tsraith shóisearach agus don tsraith shinsearach, tugadh isteach féiniúlachtaí LADTA+ i roinnt réimsí, lena n-áirítear oideachas caidrimh agus gnéasachta (RSE) agus sa teagasc a bhaineann le tuiscint na ndaltaí orthu féin agus ar dhaoine eile.

Mar chuid de *Cineáltas*, an plean gníomhaíochta maidir le bulaíocht, d’ordaigh an Roinn Oideachais agus Óige go gcruthódh gach bunscoil agus gach iar-bhunscoil polasaí *Bí Cineálta*.[5] Tá siad seo le daingniú agus le cur i bhfeidhm sna scoileanna faoi Mheán Fómhair 2025. Mar chuid de na beartais seo, leagann scoileanna amach straitéisí sonracha ar mhaithe le stop a chur le hiompar bulaíochta, bullaíocht homafóbach agus thrasfhóbach ina measc, mar is cuí. Tá tionscnamh na Seachtaine Feasachta Seas Suas liostaithe i dtreoir acmhainní na Roinne Oideachais agus Óige mar straitéis atá á moladh d’fhonn cabhrú leis na scoileanna dul i ngleic leis an mbulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach.[6]

Mar atá sonraithe sna rannóga seo a leanas, tá an dul chun cinn seo thar a bheith tábhachtach chun breathnú amach do mheabhairshláinte agus d’folláine na ndaoine óga LADTA+ le linn dóibh a bheith ar scoil.

Cé go bhfuil dul chun cinn mór déanta i dtaca le cuimsiú LADTA+ le blianta beaga anuas, táthar ag díriú ar an oideachas níos mó de réir a chéile, agus iarrachtaí comheagraithe ar bun chun srian a chur le feiceálacht agus le hionadaíocht shaol na ndaoine LADTA+ i scoileanna na hÉireann. Tá na deacrachtaí seo leathnaithe amach sa phobal anois, agus agóidí i gcoinne LADTA+ ar siúl i leabharlanna poiblí agus bíonn sé ina imní faoi chúrsaí slándála agus paráidí ceiliúrtha Bhród ar bun go háitiúil.

Tá an iarracht seo cur i gcoinne an chuimsithe LADTA+ sna scoileanna agus sna pobail mar chuid de ghluaiseacht idirnáisiúnta níos leithne, a bhfuil sé mar chuspóir aige an bonn a bhaint ó chearta an duine. Is é an aidhm atá leis ná baint ón misean comhroinnte atá againn Éire a fhorbairt ionas go mbeidh sí ina tír ina mbraitheann na daoine óga LADTA+ ar fad go bhfuil siad comhionann, sábháilte agus go bhfuil tacaíocht acu. Dá bhrí sin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh sa lá atá inniu ann, go mbeadh spásanna fáilteacha ar fáil inar féidir leis na daltaí LADTA+ iad féin a chur in iúl gan srian. Anois an t-am le bheith réamhghníomhach agus feiceálach d’fhonn a chinntiú go mbraitheann siad go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad slán.

## Cén sórt saoil a bhíonn ag Daoine Óga LADTA+?

Níl sé éasca do dhuine óg ar bith a bheith ag fás aníos. Tá sé níos deacra fós do dhaoine óga LADTA+, go háirithe na daoine óga sin nach bhfuil a gclaonadh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne inste fós acu do dhaoine eile. I gcás daoine óga LADTA+, d'fhéadfadh go mbraithfidís trína chéile agus uaigneach le linn dóibh a bheith ag fáil amach faoina bhféiniúlacht agus ag glacadh léi, agus go mbeadh faitíos orthu go bhfágfaí ar lár iad. Ní bhraitheann go leor daoine óga LADTA+ go bhfuil sé sábháilte teacht amach, nó a gclaonadh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne a roinnt leis na daoine atá thart orthu. Má dhéanann tú do scoil, d'ionad Ógtheagmhála, nó do sheirbhís óige LADTA+ cuimsitheach, is féidir le daoine óga LADTA+ tearmann a fháil ó strus agus ó imní i spás atá fáiltiúil agus cuimhsitheach.

Léiríonn taighde as Éirinn go bhfeiceann idir 6 agus 10% de dhaoine óga iad féin mar dhaoine LADTA+,[7] rud a chiallaíonn gur dócha go bhfuil tú ag obair le duine óg LADTA+ amháin ar a laghad i do sheomra ranga nó i do ghrúpa óige. Ní gá go bhfuil daoine eile curtha ar an eolas acu faoina bhféiniúlacht LADTA+.

Léiríonn an taighde a foilsíodh in 2024, Being LGBTQI+ in Ireland nuair a bhreathnaítear ar daoine óga idir 14 - agus 25 in Éirinn sa lá atá inniu ann, gurb é an aois is coitianta ag a bhfaigheann siad amachfaoina bhféiniúlacht LADTA+ ná 12.[1] Is é an aois is coitianta ag a gcuireann an grúpa seo duine éigin eile ar an eolas ar dtús faoina bhféiniúlacht LADTA+, nó ag a 'dtagann siad amach', ná 14. I measc na ndaoine LADTA+ idir 14-25 bliain d'aois in Éirinn, ba é 14 an aois ba choitianta ag a ndearna siad féindochar nó ar smaoinigh siad ar lámh a chur ina mbás féin. Ba é an aois ba choitianta ag a raibh iarracht féinmharaithe déanta ag an gcohórt seo ná 15.

Cé mbíonn deacrachtaí meabhairshláinte agus folláine ag go leor daoine óga agus iad sna ndéaga léiríonn na príomhstaitisticí ón tuarascáil Being LGBTQI+ in Ireland go mbíonn a thrí oiread níos mó de chomharthaí dúlagair agus imní le feiceáil i measc daoine óga LADTA+ idir 14 agus 18 in Éirinn sa lá atá inniu ann, i gcomparáid leis an dream óg i gcoitinne, a thrí oiread níos mó de dhroch-chomharthaí nó fíordhroch-chomharthaí dúlagair agus imní, a thrí oiread féindíobhála agus cúig oiread an méid iarrachtaí a dhéantar ar fhéinmharú.[1]


Le linn shaol na ndaoine LADTA+, fuarthas amach leis an taighde freisin go bhfuil baint idir an dream a d'fhulaing bulaíocht agus drochthorthaí meabhairshláinte agus folláine. De réir na staitisticí bhí i bhfad níos mó comharthaí dúlagair, imní agus struis i measc na ndaoine LADTA+ a ndearnadh bulaíocht orthu; rátaí níos airde féindochair, smaointe faoi fhéinmharú, iarrachtaí féinmharaithe agus neamhoird itheacháin; agus bhí scóir níos ísle acu mar a bhain le sonas, féinmheas agus teacht aniar.[1]

Is féidir linn é seo athrú, áfach, má oibríonn muid le chéile. Mar oideachasóir nó oibrí óige, tá tionchar dochreidte agat ar an timpeallacht ina bhfásann daoine óga LADTA+ aníos. Is féidir le scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus seirbhísí óige spás sábháilte a chur ar fáil ina nglactar le daoine, áit inar féidir le daoine óga LADTA+ a bheith compordach ina bhféiniúlacht féin agus ina mbíonn an saoirse acu iad féin a chur in iúl gan scáth. Tá sé seo i gcroílár na Seachtaine Feasachta Seas Suas. Tá do thacaíocht agus do thiomantas don tSeachtain Feasachta Seas Suas ríthábhachtach agus is féidir leat an-tionchar a imirt.

Tá níos mó i gceist leis an obair seo ná díreach go mbeadh saol níos fearr acu agus iad sa chóras oideachais. D'fhéadfadh an obair seo tionchar a imirt ar na ndaoine óga seo ar feadh an chuid eile dá saol.

## Meabhairshláinte Daoine Óga LADTA+

**Tréimhse ríthábhachtach do dhaoine óga ó thaobh a bheith ag athrú agus ag teacht ar thuiscint orthu féin, sa bhaile, ar scoil agus ina saol sóisialta.**



# An Tionchar a bhíonn ag an Ionchuimsiú LADTA+

## Taithí na nDaoine Óga LADTA+ ar scoil

Sa leagan deireanach dár Suirbhé *School Climate*3, a rinneadh in 2022, labhair muid le breis agus 1,200 scoláire dara leibhéal LADTA+ atá ina gcónaí in Éirinn. Léiríodh sa taighde seo gur bhraith 76% de dhaltaí LADTA+ nach raibh siad sábháilte ar scoil sa scoilbhliain 2021-2022, rud atá scanrúil. Thuairiscigh 69% de dhaltaí LADTA+ gur chuala siad daltaí eile ag déanamh ráitis homafóbacha, agus chuir 58% de dhaltaí iar-bhunscoile LADTA+ in iúl gur chuala siad ráiteas homafóbach ó mhúinteoir nó ó bhall d'fhoireann na scoile.

### I measc na ndaltaí LADTA+ dara leibhéal in Éirinn:

Mothaíonn **76%** díobh nach bhfuil siad sábháilte ar scoil

Chuala **69%** díobh ráitis homafóbacha ó mhic léinn eile

Níl **duine as gach deichniúr** cinnte an gcríochnóidh siad an Ardteistiméireacht

Bhí **86%** fágtha amach d'aon ghnó ag piaraí

Chaill **triúr as gach deichniúr** lá scoile amháin ar a laghad le mí anuas toisc gur mhothaigh siad nach raibh siad sábháilte, nó de bharr iad a bheith míchompordach

Chuala **58%** díobh ball d'fhoireann na scoile ag déanamh ráiteas homafóbach[5]

Ar an drochuair, déantar bulaíocht ar go leor daltaí le linn dóibh a bheith ar scoil. Mar sin féin, léiríodh i dtaighde le déanaí go ndéantar bulaíocht ar i bhfad níos mó den dream óg LADTA+, agus go gcuireann siad suas le níos mó bulaíochta, ná mar a dhéantar ar a bpiarghrúpaí neamh-LADTA+.

Mar oideachasóirí iar-bhunscoile agus mar oibrithe óige, tá sé ríthábhachtach go gcuirfeadh sibh timpeallacht atá cuimsitheach agus tacúil chun cinn, d'fhonn a chinntiú go mbraithfidh na daltaí ar fad sábháilte agus go mbainfidh siad barr a gcumais amach, go hacadúil agus go pearsanta. Má thugtar aghaidh ar na dúshláin a bhíonn roimh na daltaí LADTA+ le bearta réamhghníomhacha, d'fhéadfadh sé an-difríocht go deo a dhéanamh láithreach agus amach anseo agus tionchar a imirt ar a dtorthaí meabhairshláinte agus folláine go fadtéarmach.

### I gcomparáid le gnáthphobal óige na hÉireann, i gcás dhaltaí LADTA+ tá:

**4 huaire** níos mó seans ann go mbraithfidh siad uaigneach ar scoil

**3 huaire** níos mó seans ann go mbraithfidh siad nach dtaitníonn siad leis na daltaí eile

**3 huaire** níos mó seans ann go mbraithfidh siad coimhthíoch ar scoil

**tá dhá** oiread níos mó seans ann go mbeidh sé ag dul rite leo cairde a dhéanamh ar scoil[6]

## Cúinsí Cosanta agus an tOideachas Cuimsitheach LADTA+

Cé go mbíonn dúshláin roimh dhaoine óga LADTA+, is féidir leis na baill foirne sna scoileanna dara leibhéal, sna hionaid Ógtheagmhála agus sna seirbhísí óige ról ríthábhachtach a imirt agus dul i ngleic leis na dúshláin seo trí thimpeallacht thacúil a chothú. Is féidir le baill foirne agus ceannairí pobail tabhairt faoi ghníomhartha simplí ach fiúntacha chun a chinntiú go mbraitheann na daltaí LADTA+ go bhfuil siad sábháilte, go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad curtha san áireamh.

### Foireann Thacúil a Chruthaíonn Suaimhneas

Léiríodh sa Suirbhé *School Climate* sa bhliain 2022 go bhféadfadh leath de na daltaí LADTA+ teacht ar dheichniúr nó níos mó ball foirne scoile a thacaíonn leis na féiniúlachtaí LADTA+. D'fhéadfadh 99% de dhaltaí LADTA+ in Éirinn ball foirne scoile amháin ar a laghad a aithint a thacaíonn le daltaí LADTA+. Léiríonn ár dtorthaí má fhaigheann daltaí LADTA+ go leor tacaíocht ón bhfoireann maidir lena féiniúlachtaí LADTA+:

- **Gur mó seans go nglacfaidh na daltaí eile i gcoitinne leo.**
- **Go mbraithfeadh daltaí LADTA+ go raibh siad 'sa mbaile' ar scoil.**
- **Gur lú seans go gcaillfidh siad laethanta ón scoil mar gheall ar go mbraitheann siad nach bhfuil siad sábháilte.[3]**

Tugann an tSeachtain Feasachta Seas Suas deis thábhachtach do gach ball foirne sna scoileanna, sna hionaid Ógtheagmhála agus sna seirbhísí óige a dtacaíocht do dhaoine óga LADTA+ a léiriú go soiléir.

Má bhíonn an fhoireann páirteach sna gníomhaíochtaí a eagraítear le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas, mar shampla má fhreastalaíonn siad ar imeachtaí, má bhíonn bratach bheag Bród sa seomra ranga nó greamán tuar ceatha curtha ar ríomhaire glúine nó ar tháibléad, tabharfaidh sé teachtaireacht chumhachtach faoin dlúthpháirtíocht. Cé gur gníomhartha beaga iad seo tá siad fiúntach mar go gcabhraíonn siad le timpeallacht a chothú ina mbraitheann na daltaí LADTA+ go bhfeictear iad, go bhfuil meas orthu agus go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh.

### Curaclam Cuimsitheach

Léiríodh sa Suirbhé School Climate ón mbliain 2022 gur bhraith na daltaí LADTA+ a d'fhoghlaim faoi ábhair LADTA+ ar scoil go raibh níos mó glacadh leo laistigh dá bpobal scoile agus gur lú an seans go gcaillfeadh siad laethanta ón scoil mar gheall ar imní faoina sábháilteacht.[3] Mar sin féin, léiríodh as suirbhé go bhfuil bearnaí suntasacha san oideachas LADTA+, agus leath de na daltaí LADTA+ ag tabhairt le fios nár múineadh aon ábhar LADTA+ dóibh le linn na scoilbhliana 2021-2022. Ní raibh ach 35% de na daltaí a ndearnadh suirbhé orthu tar éis ceachtanna OSPS a fháil inar cuireadh LADTA+ san áireamh. Is réimse simplí ach éifeachtach eile é seo inar féidir le hathruithe beaga athrú mór a dhéanamh.

Deis iontach atá sa tSeachtain Feasachta Seas Suas le comhghleacaithe a mhealladh chun ceachtanna ar ábhair LADTA+ a mhúineadh. Chun tacú leis seo, tugann ár mol oideachais ar líne treoir maidir leis an gcaoi le téamaí LADTA+ a chomhtháthú ar bhealach atá oiriúnach don aois agus don chéim i gceachtanna a bhaineann le 14 ábhar na Sraithe Sóisearaí, ón staidéar gnó go dtí an tíreolaíocht. Má spreagtar na baill foirne le staidéar a dhéanamh ar na hacmhainní seo cabhróidh sé lena chinntiú go mbraitheann na daltaí go bhfeictear iad agus go bhfuil siad á gcur san áireamh, ar bhealaí atá fiúntach ach cáiréiseach.

### Idirghabhálacha Foirne

Léiríonn taighde go ndéanann an bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, lena n-áirítear bulaíocht a bhaineann leis an bhféiniúlacht LADTA+, an-dochar d'fholláine an duine.[8] Tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh foireann agus ceannairí na scoile idirghabháil nuair a úsáidtear teanga nó ráitis atá homafóbach nó trasfhóbach.

Fuarthas amach sa taighde School Climate a rinnemar, gur chuala 69% de dhaltaí LADTA+ ráitis homafóbacha ó dhaltaí eile.3 Mar sin féin, nuair a rinne foireann na scoile idirghabháil réamhghníomhach tar éis dóibh ráitis homafóbacha a chloisteáil, bhraith na daltaí LADTA+:

- **Gur mó seans go nglacfaidh na daltaí eile i gcoitinne leo.**
- **Go mbraithfeadh daltaí LADTA+ go raibh siad 'sa mbaile' ar scoil.**
- **Nach gcaillfeadh daltaí LADTA+ laethanta scoile mar gheall ar shábháilteacht ar scoil.**

➔ **Breathnaigh ar ár mol oideachais ar líne** chun treoir a fháil maidir le hoibriú le do chomhghleacaithe, d'fhonn próiseas soiléir a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar theanga homafóbach nó thrasfhóbach i do scoil, ionad Ógtheagmhála nó seirbhís óige.

Agus sibh ag ullmhú don tSeachtain Feasachta Seas Suas, b'fhéidir go bhféadfaí na baill foirne a spreagadh lenár modúl oiliúna ríomhfhoghlama saor in aisce, **'Oideachasóirí agus Oibrithe Óige ag tacú le daoine óga LADTA+,' a dhéanamh** ➔. Nuair a bheidh an modúl críochnaithe acu, d'fhéadfadh an fhoireann a gcuid teastais a chrochadh ar dhoirse an tseomra ranga, chun teachtaireacht fheiceálach a thabhairt maidir lena dtiomantas agus a dtacaíocht do gach dalta.

# An Comhionannas Pósta in Éirinn

## Acmhainn do scoileanna agus do sheirbhísí óige

Lá cinniúnach ab ea Dé hAoine, an 22 Bealtaine 2015 nuair a bhí Éire ar an gcéad tír ar domhan a bhain comhionannas pósta amach trí vóta poiblí.

Bhí tionchar na vótála le brath ní hamháin in Éirinn ach ar fud an domhain, agus tugadh


fuinneamh agus inspioráid do ghluaiseachtaí cearta LADTA+ go hidirnáisiúnta. Ba é an rath a bhí ar an vótáil buaicphointe na mblianta fada de ghníomhaíocht, chomh maith le feachtas a bhí an-láidir, comhordaithe sna míonna, sna seachtainí agus sna laethanta díreach roimh an vótáil.

Bhí ról lárnach ag daoine óga sa bhfeachtas, agus léirigh siad an-mhisneach agus diongbháilteacht agus iad ag labhairt ag ócáidí poiblí, ag déanamh stocaireachta ar an bpobal ar leac an dorais, i mbun gníomhaíochta ar na meáin shóisialta agus ar go leor bealaí eile. Bhí an-bhaint ag guthanna na ndaoine óga LADTA+ agus iad ag éileamh go gcaithfí go cothrom leo faoin dlí, agus ag cur síos ar an tábhacht a bhain le go mbeadh siad in ann, lá éigin, an duine a raibh siad i ngrá leo a phósadh, leis an gcinneadh a rinne go leor daoine nuair a vótáil siad 'tá'.

Tá na daoine óga atá ar scoil agus atá ag freastal ar sheirbhísí óige sa lá atá inniu ann, tar éis fás aníos i dtír ina bhfuil an comhionannas pósta i bhfeidhm an chuid is mó dá saol. B'fhéidir go mbeadh meabhairchuimhne éigin acu ar an bhfeachtas nó b'fhéidir nach gcuimhneoidís beag ná mór air.

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar go bhfuil sé 10 mbliana ó tugadh isteach an comhionannas pósta, tá acmhainn cruthaithe againn, **'An Comhionannas Pósta in Éirinn'**, atá leagtha amach chun cabhrú le daoine óga sna scoileanna agus sna seirbhísí óige níos mó a fhoghlaim faoin tréimhse seo i stair na hÉireann – an chaoi ar tharla sé agus an tionchar a bhí aige ar dhaoine LADTA+ ag an am sin agus atá aige orthu faoi láthair.

Tá trí ghníomhaíocht á moladh san acmhainn, a bhfuil teacht uirthi ar ár suíomh gréasáin agus is féidir iad seo a úsáid le daoine óga in aon suíomh – ar scoil, i seirbhís óige nó in aon áit eile. Ba mhaith linn go mbainfí úsáid as na hacmhainní breise seo, atá ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin ag **www.belongto.org/marriageequality**.




D'éirigh leis an bhfeachtas Comhionannas Pósta mar gheall ar a dhíograsaí agus a bhí daoine aonair agus grúpaí ar fud na tíre agus chomh dícheallach agus a d'oibrigh siad. Ó shin i leith, tá go leor athruithe feicthe ag an bpobal LADTA+ agus ag Éirinn i gcoitinne. Tá súil againn go gcabhróidh na gníomhaíochtaí seo leis na daoine óga a n-oibríonn tú leo a chur ar an eolas agus iad a spreagadh leis an gcineál sochaí ar mhaith leo maireachtáil inti a shamhlú, agus go dtuigfidh siad an cumas gan chuimse atá acu chun an fhís sin a chur i gcrích.



02

# Stop a chur leis an mBulaíocht Homafóbach agus Thrasfhóbach

## – Téama Sheachtain Feasachta Seas Suas 2025

**Straitéisí bunaithe ar fhianaise chun cabhrú le cur i bhfeidhm do pholasaí *Bí Cineálta***



# Bulaíocht Homafóbach agus Thrasfhóbach a chosc

## Straitéisí bunaithe ar fhianaise chun cabhrú le cur i bhfeidhm do pholasaí *Bí Cineálta* agus chun timpeallacht a chruthú ina mbíonn gach duine ar a suaimhneas

Sa mbliain 2024, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Óige na nósanna imeachta Bí Cineálta chun tacú leis na bunscoileanna agus leis na hiar-bhunscoileanna stop a chur leis an mbulaíocht agus dul i ngleic léi. Treochlár atá sna nósanna imeachta a bhfuil sé mar aidhm leo cabhrú le pobail scoile oibriú le chéile chun stop a chur leis an mbulaíocht agus dul i ngleic léi. Aithnítear go háirithe an tionchar atá ag na hathruithe atá tagtha ar an teicneolaíocht agus ag an éagsúlacht atá inár sochaí ar chúinsí sna scoileanna.

Ní fhéadfadh na nósanna imeachta seo teacht ag am níos tráthúla. Tá a fhios againn go mbraitheann 76% de na daoine óga LADTA+ nach bhfuil siad sábháilte ar scoil.[3] Ar cheann de chroíphrionsabail Bí Cineálta tá bac a chur ar an mbulaíocht, bunaithe ar an tuiscint gurb iad an t-oideachas agus spreagadh na hionbhá bunchlocha an eolais, an mheasa agus an chuimsithe.[2] Cruthaítear cultúr den chineáltas nuair a bhraitheann daltaí, agus gach duine eile, i bpobal na scoile ar a suaimhneas. Tá go leor bealaí praiticiúla ann chun an tuiscint sin ar 'shuaimhneas' a chothú agus is iontach an deis í an tSeachtain Feasachta Seas Suas chun é sin a dhéanamh, go háirithe mar a bhaineann sí le daoine óga LADTA+.

Le sé bliana déag anuas, tá scoileanna, seirbhísí óige agus ionaid Ógtheagmhála ag ceiliúradh na ndaoine óga LADTA+ agus an éagsúlacht ar fad a bhaineann leo le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas agus i rith na bliana ar fad. In 2025, tá cuireadh á thabhairt againn duit an tSeachtain Feasachta Seas Suas a úsáid mar dheis chun tuiscint agus cairdeas a chothú idir daltaí LADTA+ agus a gcomhdhaltaí, ar mhaithe le teacht roimh an mbulaíocht - go háirithe bulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach - sula dtosaíonn sí.

Is féidir na straitéisí chun an bhulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach a chosc a ailíniú le Ceithre Phríomhréimse Cur Chun Cinn na Folláine na Roinne Oideachais agus Óige.[9] Leagann na príomhréimsí seo béim ar an ngá atá le cur chuige uile scoile leis an bhfolláine a chur chun cinn i measc na ndaoine óga, agus go mbaineann sé seo freisin le bearta a théann i ngleic leis an mbulaíocht.

Ceithre Réimse Thábhachtacha mar a bhaineann leis an bhFolláine a chur chun cinn:

- **Cultúr agus Timpeallacht**
- **Curaclam (teagasc agus foghlaim)**
- **Polasaí agus Pleanáil**
- **Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí**

Taobh istigh de gach ceann de na príomhréimsí seo, tá roinnt gníomhartha praiticiúla bunaithe ar fhianaise, a d'fhéadfá a chur i bhfeidhm i do scoil, ionad nó seirbhís chun tuiscint agus ionbhá a chur chun cinn, an suaimhneas a chothú agus an bhulaíocht a stopadh.

Cé go mbaineann na gníomhartha seo go sonrach le bac a chur ar an mbulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach, is féidir na bunphrionsabail a chur in oiriúint agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an gcuimsiú a chur chun cinn i measc na ndaoine óga a bhfuil tú ag obair leo, go háirithe an dream a thagann ó chúlraí mionlaigh nó a bhféadfaí bulaíocht a dhéanamh orthu mar gheall ar a bhféiniúlacht.

## Cuid 1:
## Cultúr agus Timpeallacht

Ba cheart go mbraithfeadh gach ball de phobal na scoile ceangal agus muintearas. Nuair a bhíonn cultúr bunaithe ar chuimsiú agus ar chineáltas á chothú agus á phlé tugann sé le fios nach gcuirfear suas le drochiompar, bulaíocht ina measc. D'fhéadfadh go gcabhródh sé seo le 'timpeallacht nochta', mar a thugtar air, a chruthú sa gcaoi is gur mó seans go n-inseodh daoine óga faoi bhulaíocht a bheadh déanta orthu nó a bheadh feicthe acu mar go gcreidfidís go ndéileálfaí leis ar bhealach éifeachtach, agus nár ghá dóibh a bheith buartha go mbeidís siar leis mar gheall gur inis siad faoin mbulaíocht. Seo roinnt rudaí le meas mar a bhaineann leis an gCultúr agus an Timpeallacht.

**A.** Nuair a bhíonn cuid de na grúpaí mionlaigh atá i bpobal na scoile **feiceálach agus nuair a bhíonn siad curtha san áireamh** cabhraíonn sé le daoine a chur ar a suaimhneas. Nuair a thagann sé go dtí a bheith feicthe ag tacú le daltaí LADTA+, bíonn blas ar an mbeagán! Léiríonn staidéir go bhfuil an-bhaint ag feiceálacht na ndaoine LADTA+ le go mbeadh glacadh acu lena bhféiniúlacht féin agus go mbeidís ar a gcompord ag labhairt go hoscailte ina thaobh.[1] Is féidir le rudaí beaga cosúil le póstaeir agus bratacha cabhrú le timpeallacht a chruthú ina mbraitheann daoine óga LADTA+ ar a suaimhneas. Is féidir le gníomhartha tacaíochta ar scála níos mó, mar shampla bratach Bród a ardú ar chrann brataí, nó clár fógraí ar leith a bheith ann le haghaidh eolas faoi LADTA+, teachtaireacht chumhachtach a thabhairt don phobal ar fad go bhfuil fáilte sa scoil seo roimh gach duine, lena n-áirítear daoine LADTA+, agus nach nglactar le bulaíocht homafóbach ná thrasfhóbach sa scoil.

**B.** Tá ról tábhachtach ag **daoine fásta iontaofa** maidir leis an mbulaíochta a chosc, mar gur mó seans atá ann go n-inseodh daoine óga dóibh faoi eachtraí bulaíochta. Is féidir leat féin agus le do chomhghleacaithe a thabhairt le tuiscint gur daoine fásta iontaofa sibh má fheictear sibh ag tabhairt tacaíochta do dhaoine LADTA+ trí ghreamáin a chur ar bhur ríomhairí, nó glacadh le cuid de na moltaí eile thuas. Chomh maith leis sin, d'fhéadfá cúrsa ríomhfhoghlama saor in aisce **Belong To 'Oideachasóirí agus oibrithe óige ag tacú le daoine óga LADTA+' a dhéanamh** ➔. Nuair a bheidh an cúrsa críochnaithe agat, gheobhaidh tú teastas críochnaithe, a d'fhéadfá a chur ar dhoras do sheomra ranga nó ar bhalla an tseomra, mar chomhartha eile gur duine fásta sábháilte thú agus go bhféadfadh daoine óga aon imní a bheadh orthu faoi bhulaíocht homafóbach nó thrasfhóbach a phlé leat.

**C.** Tá **spásanna sábháilte** ríthábhachtach chun timpeallacht dhearfach a chruthú a chuireann bac ar iompar bulaíochta. D'fhéadfadh go mbraithfeadh aon duine óg, ní hamháin daoine óga LADTA+, nach bhfuil leithris ná seomraí feistis na scoile sábháilte. Gach seans nach mbeadh an oiread céanna maoirseachta á dhéanamh ag an bhfoireann ar na limistéir seo, agus go mbeadh daltaí ag cruinniú le chéile i ngrúpaí iontu, rud a d'fhéadfadh a bheith bagrach do dhaoine eile. Más féidir, ba cheart cubhachail le haghaidh duine amháin a chur ar fáil do dhaltaí a dteastaíonn siad uathu.

## Cuid 2:
## Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

Nuair a bhíonn féiniúlachtaí de gach cineál, ina measc féiniúlachtaí LADTA+, le feiceáil sa chuarclam is bealach an-éifeachtach é leis an gcaoinfhulaingteach ar dhifríochtaí a chur chun cinn, in éineacht leis an luach a chuireann an éagsúlacht lenár sochaí. Mura bpléitear topaicí LADTA+ riamh sa seomra ranga, ní bhíonn aon fhoinse le haghaidh eolas nó tuiscint faoi dhaoine LADTA+ ag na daltaí seachas an méid a chloiseann siad sa gclós súgartha nó a léann siad ar líne. Ní gá go mbeadh an t-eolas seo cruinn nó fíor. Nuair a chuireann tú na féiniúlachtaí seo san áireamh i do chuid teagaisc tá tú ag tabhairt le fios go bhfuil daoine LADTA+ ina mbaill dár bpobail agus mar chuid dár sochaí, díreach ar nós atá daoine faoi mhíchumas agus daoine ón chúlra mionlaigh.

**A.** Is féidir le **hacmhainní curaclaim** cabhrú leat topaicí LADTA+ a thabhairt isteach i do chuid teagaisc agus a léiriú go bhfuil áit ag daoine LADTA+ inár gcuid scoileanna agus sa tsochaí. Is deis iontach é an tSeachtain Feasachta Seas Suas chun aird a tharraingt ar dhearcthaí LADTA +sa gcuraclam. Is minic, le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas, go réiteodh múinteoirí ceacht sna hábhair ábhartha ina mbeadh ról ag ceoltóirí LADTA+, stair LADTA+ nó údair LADTA+. Mar sin féin, mar atá luaite i gcás na ngnéithe a bhaineann leis an bhfeiceálacht, d'fhéadfadh léargas ar scála níos lú ach é a bheith déanta níos minice, a bheith chomh héifeachtach céanna chun go mbraithfeadh daltaí LADTA+ go bhfuiltear ag glacadh leo. Cuidíonn siad seo freisin le gach dalta foghlaim faoin éagsúlacht agus faoin gcuimsiú.

**Breathnaigh ar ár mol acmhainní chun teacht ar acmhainní curaclaim don tsraith shóisearach agus don tsraith shinsearach araon. Tugann siad seo moltaí maidir le topaicí agus téamaí ina bhféadfá féiniúlachtaí LADTA+ a chur san áireamh** ➔.

**B.** Nuair a mhúintear an curaclam **OSPS** ina iomláine tugann sé an-eolas agus tuiscint do na daltaí maidir leis na grúpaí éagsúla a dhéanann suas ár sochaí. Cothaíonn sé comhbhá le daoine atá difriúil uainn féin, chomh maith le meas orthu, agus is bunchloch atá ann má theastaíonn uainn stop a chur leis an mbulaíocht.[4]

## Cuid 3:
## Polasaí agus Pleanáil

Is gnéithe bunúsacha iad na beartais chuimsithe chun timpeallacht agus cultúr dearfach a chruthú sa scoil, ionas go mbraitheann na daoine óga ar fad go bhfuil fáilte rompu, agus go bhfuil tacaíocht agus spreagadh á dtabhairt dóibh. Is forbairt shuntasach mar a bhaineann leis na beartais a imreoidh tionchar ar na scoileanna in 2025 ná go bhfuil an polasaí *Bí Cineálta* tugtha isteach, agus tá go leor gníomhartha is féidir a chur i gcrích chomh maith leis seo chun stop a chur leis an mbulaíocht agus dul i ngleic léi:

**A.** Ní mór leagan **atá oiriúnach do na daltaí** de do pholasaí scoile Bí Cineálta a fhorbairt agus tá teimpléad chuige sin curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar féidir é a leasú de réir mar a mheastar gur cuí sin. Is féidir le scoileanna smaoineamh ar eolas faoin mbulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach, mar aon le gach cineál eile iompair as a n-eascraíonn bulaíocht, a áireamh agus treoir shoiléir a thabhairt maidir leis an gcaoi le daoine a chur ar an eolas faoi eachtra bulaíochta. Cuidíonn sé seo leis an 'timpeallacht nochta', toisc go mbíonn teacht go héasca ag na daltaí ar eolas maidir leis an gcaoi le heachtra a tharlaíonn a chur in iúl.

**B.** Smaoinigh ar **bheartais agus ar nósanna imeachta eile** a d'fhéadfadh cabhrú le cur i bhfeidhm *Bí Cineálta*. D'fhéadfadh go n-áireofaí orthu sin Cód Iompair do scoile, agus go háirithe an chaoi a mbaineann sé le húsáid teanga homafóbach nó thrasfhóbach. Má úsáidtear teanga homafóbach nó thrasfhóbach 'go fánach' mar shampla "that's so gay" agus frásaí eile den chineál sin is féidir léi fíor-dhrochthionchar a imirt ar atmaisféar na scoile agus an-dochar a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbraithfeadh na daoine óga LADTA+ dá bharr seo nach bhfuil an oiread glacadh leo agus nach bhfuil siad chomh sábháilte. Is féidir dul i ngleic go héifeachtach leis an bhfadhb seo ach cur chuige comhsheasmhach a aontú, a chuirfidh gach ball foirne i bhfeidhm.

**Féach ar ár mol ar líne chun teacht ar acmhainní maidir leis an gcaoi le dul i ngleic le teanga homafóbach nó thrasfhóbach ag baint úsáid as an gcur chuige atá á mholadh againn 'Múin, Aithin, Déan Idirghabháil, Mínigh, Cláraigh' (ERIER)** ➔.

**C.** D'fhéadfadh go gcabhródh **oiliúint foirne** leat féin agus le do chomhghleacaithe tacú leis na daoine óga LADTA+ chomh maith le scoileanna agus seirbhísí cuimsitheacha a chur chun cinn. Is minic go mbraitheann an fhoireann nach bhfuil siad réidh le labhairt faoi ábhair LADTA+ toisc nach mbraitheann siad go nach bhfuil an t-eolas nó na scileanna acu chun tabhairt faoi. Is modúl ríomhfhoghlama saor in aisce é 'Oideachasóirí agus oibrithe óige ag tacú le daoine óga LADTA+' ina gclúdaítear na bunghnéithe a bhaineann le téarmaíocht LADTA+, cuid de na deacrachtaí a bhíonn ag daoine óga LADTA+ ar scoil agus an chaoi le tacaíocht a thabhairt do dhuine óg a bheadh ag teacht amach.

**Chun clárú le haghaidh cuntas saor in aisce agus an cúrsa ríomhfhoghlama a dhéanamh tabhair cuairt ar https://training.belongto.org/learn** ➔.

## Cuid 4:
## Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

Ag croílár na mbeart atá dírithe ar an tuiscint agus an comhbhá a fheabhsú, suaimhneas a chothú agus stop a chur leis an iompar as a n-eascraíonn an bhulaíocht, tá caidrimh dhearfacha a bhunú agus a chothú. I measc na gcaidreamh tábhachtach tá an caidreamh piaraí-le-piaraí, an caidreamh atá ag an bhfoireann leis na daltaí agus an caidreamh idir an scoil, na teaghlaigh agus na seirbhísí tacaíochta taobh amuigh den scoil.

**A.** Is bealaí an-éifeachtacha iad na **Clubanna LADTA+ agus Comhpháirtithe** chun caidrimh dhearfacha, thacúla le piaraí a chothú, chomh maith le muintearas a chothú idir na daltaí agus an fhoireann atá ag tabhairt tacaíochta dóibh.[10] Níl aon chur chuige amháin ann a oireann do chách ó thaobh Club LADTA+ agus Comhpháirtithe a bhunú agus a reáchtáil, ach tá fianaise láidir ann má bhíonn spás sábháilte ag daoine óga le bheith dílis dóibh féin ann fad is atá siad ar scoil, fiú mura bhfuil i gceist ach am lóin uair amháin sa tseachtain, go gcuidíonn sé go mór lena meabhairshláinte agus lena bhfolláine agus go n-airíonn siad ar a suaimhneas sa scoil. Chomh maith le deis a chur ar fáil chun muintearas a chothú le daltaí LADTA+ eile, seans atá ann freisin le comhghuaillíochtaí a chruthú, rud a fhágann go mbraitheann daoine níos sábháilte agus níos suaimhní agus gur féidir an bhulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach a laghdú.

**Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an tionchar a bhíonn ag Clubanna LADTA+ agus Comhpháirtithe léigh faoi thaithí Tara ar chlub a scoile féin ar leathanach 22 den treoir seo.**

**B.** Moltar **tionscnaimh feasachta** mar straitéis chun cur leis an tuiscint, suaimhneas a chothú agus an bhulaíocht a stopadh. Bíonn go leor seachtainí agus tionscnamh bunaithe ar théamaí ar siúl do ghrúpaí éagsúla laistigh de na phobal scoile agus is deis iontach é an tSeachtain Feasachta Seas Suas chun cur leis an bhfeasacht maidir leis na féiniúlachtaí LADTA+ agus lena bhfeiceálacht. Dá mhéad de phobal iomlán na scoile a bhíonn páirteach, is ea is mó tionchair a bheidh ag an tionscnamh feasachta, mar sin smaoinigh ar bhealaí chun an fhoireann, na scoláirí agus na teaghlaigh go léir a áireamh sna himeachtaí nuair is féidir.

**C.** Smaoinigh ar do **sheirbhísí óige áitiúla** agus ar na seirbhísí tacaíochta eile atá i do phobal. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na daoine óga a bhfuil tú ag obair leo ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil, nó nach mbeadh a fhios acu cén chaoi le teagmháil a dhéanamh leo. D'fhéadfá cuireadh a thabhairt d'oibrí óige nó do dhuine eile ón tseirbhís teacht chuig an scoil agus labhairt leis na daltaí le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas agus leanúint ar aghaidh ag forbairt an chaidrimh uaidh sin amach.

Mura dtugtar aghaidh mar is ceart ar an mbulaíocht d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar feadh an tsaoil aige ar an dream a dtarlaíonn sé dóibh, agus tá an bhulaíocht a bhaineann le tréithe mionlaigh in ann níos mó dochair fós a dhéanamh8. Le tabhairt isteach nósanna imeachta *Bí Cineálta*, tá creat tábhachtach agus úsáideach ag oideachasóirí chun straitéisí coisctheacha a cheangal isteach leis an bhfolláine, agus cur chuige scoile uile a ghlacadh ar mhaithe leis an mbulaíocht a stopadh.

Ag croílár na straitéisí seo tá an bharúil go bhfuil buntábhacht ag baint le go gcothófaí tuiscint, comhbhá agus dlúthpháirtíocht i measc na ndaoine óga ar fad, is cuma an bhfuil siad cosúil lena chéile nó nach bhfuil. Má chuirtear na gníomhartha simplí seo, atá bunaithe ar fhianaise, i bhfeidhm is féidir linn pobail éagsúla, chuimsitheacha a chruthú taobh istigh agus taobh amuigh den scoil, áit a mbraithfidh gach duine sa bhaile.[2]

> Ní hé amháin go gcuidíonn na daoine atá sa phobal LADTA+ linn ionas nach mbíonn muid fágtha ag obair asainn féin, ach cabhraíonn ár gcomhpháirtithe linn freisin. Bíonn sé seo le feiceáil gach bliain ag Bród - comhghuaillithe i láthair ag léiriú go bhfuil tacaíocht againn, sa gcaoi is go mbraithim an-bhródúil agus sábháilte."

— **Tá Lea** (siad/iad) ina mball de Phainéal Chomhairleach Óige Belong To



# Nua i mBliana: Acmhainní do Churaclam na Sraithe Sinsearaí

## Acmhainní úrnua ar fáil anois, in am do Sheachtain Feasachta Seas Suas 2025

Cabhróidh na hacmhainní seo le haghaidh curaclaim na sraithe sinsearaí leat ceachtanna ina bhfuil teaghlaigh agus féiniúlachtaí LADTA+ curtha san áireamh a phleanáil agus a theagasc.

Fuarthas amach sa suirbhé *School Climate 2022* gur thug leath de na daltaí LADTA+ le fios nár clúdaíodh topaicí a bhaineann le LADTA+ ar chor ar bith sa scoilbhliain roimhe sin.[3] Nuair nach bpléitear féiniúlachtaí LADTA+ riamh sa seomra ranga, d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon fhoinsí eolais ag daoine faoi LADTA+ seachas an méid a roinntear ar líne nó a phléitear sa gclós súgartha, agus ní gá go mbeadh an t-eolas seo cruinn nó dearfach. Nuair a chuireann tú daoine LADTA+ san áireamh agus ábhair á dteagasc agat, is féidir leat a thabhairt le tuiscint go bhfuil áit ag daoine LADTA+ inar bpobail agus sa tsochaí i gcoitinne, agus go mbaineann siad leis an áit ach an oiread le duine ar bith eile.

Níl sé deacair daoine LADTA+ a chur san áireamh agus ábhair á dteagasc agat má bhaineann tú úsáid as raon níos leithne d'féiniúlachtaí nuair a bhíonn samplaí nó cás-staidéir á n-úsáid agat. Dá bhrí sin, má tá tú ag úsáid cás-staidéir i do cheacht staidéir gnó ina bhfuil an gnó faoi úinéireacht lánúin phósta, seachas 'John agus Mary' a thabhairt ar an lánúin, d'fhéadfá 'Eimear agus Mary' a ghlaoch orthu.

Baineann an cur chuige céanna le gach cineál grúpa agus féiniúlacht laistigh dár bpobail scoile - ba chóir go mbeadh daoine óga faoi mhíchumas, ó chúlraí eitneacha éagsúla agus gach grúpa eile ag tabhairt faoi deara go bhfuil siad curtha san áireamh sa seomra ranga.

Clúdaíonn ár n-acmhainní do churaclaim na sraithe sóisearaí 14 ábhar agus tá siad ag cuidiú le hoideachasóirí féiniúlachtaí LADTA+ a chomhtháthú agus ábhair á dteagasc acu, le roinnt blianta anois. Seo thíos roinnt samplaí ó na hacmhainní:

### Tíreolaíocht


Pléigh na cúinsí is cúis leis an leithscaradh daonra i gceantair uirbeacha. Mar shampla, cén fáth go mbeadh comharsanachtaí nó sráideanna atá comhbhách le daoine LADTA+ i gcathracha/bailte áirithe? Pléigh an tionchar a bhíonn ag an áit ina lonnaítear na seirbhísí, na tacaíochtaí agus na himeachtaí sóisialta i gceantair tuaithe agus uirbeacha ar dhaoine LADTA+.

### Matamaitic

Iarr orthu a gcuid fadhbanna matamaitice féin a cheapadh agus a mhalartú, lena n-áirítear guthanna agus féiniúlachtaí LADTA+. Ag brath ar do rang, b'fhéidir gur mhaith leat sampla a thabhairt a spreagfaidh iad, mar shampla: €9.50 a chosnaíonn ticéad pictiúrlainne do dhuine fásta; €9.00 a chosnaíonn ticéad do leanbh. Má théann teaghlach ina bhfuil beirt mháithreacha agus triúr páistí go dtí an phictiúrlann, cé mhéad a chosnóidh na ticéid?

### Ceol


Déan iniúchadh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag an gcultúr agus ag an traidisiún ar sheánraí éagsúla ceoil, go háirithe mar a bhaineann le hinscne agus le claonadh gnéasach



In 2025, tá muid ag foilsiú acmhainní breise ag leibhéal na sraithe sinsearaí, ina mbeidh an cur chuige céanna. I measc na n-ábhar beidh:

- **Staidéar Gnó**
- **Béarla**
- **Tíreolaíocht**
- **Stair**
- **Matamaitic**
- **Nuatheangacha Iasachta**
- **Polaitíocht agus an tSochaí**
- **Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)**

**Is féidir leat na hacmhainní seo a íoslódáil ónár suíomh gréasáin ➔**.








03

# Gradaim Sheachtain Feasachta Seas Suas 2025



# Próiséas na nGradam don tSeachtain Feasachta Seas Suas

Seoladh Gradaim na Seachtaine Feasachta Seas Suas in 2024 chun ceiliúradh a dhéanamh ar an éagsúlacht a bhaineann leis na gníomhartha spreagúla agus fiúntacha a bhíonn ar siúl i scoileanna, in ionaid Ógtheagmhála agus i seirbhísí óige ar fud na tíre. Tugann na gradaim seo aitheantas don obair iontach a dhéanann baill foirne i scoileanna, ionaid agus seirbhísí chun timpeallachtaí tacúla agus cuimsitheacha a chruthú do dhaoine óga le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas.

## An Chaoi le bheith Páirteach

Is féidir ainmniúcháin do ghradaim 2025 a chur isteach tríd an leathanach oifigiúil atá ag an tSeachtain Feasachta Seas Suas ar shuíomh Gréasáin Belong To. Beidh treoracha mionsonraithe agus foirmeacha ainmniúcháin ar fáil ar líne, mar sin coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta chun tuilleadh sonraí a fháil.

## An Searmanas Bronnta

Fógrófar buaiteoirí na ngradam ag searmanas ar líne i mí na Nollag 2025. Gheobhaidh na buaiteoirí trófaí na Seachtaine Feasachta Seas Suas chun ceiliúradh a dhéanamh ar a gcuid éachtaí. Déanfaidh muid ceiliúradh ar na scoileanna, na hionaid Ógtheagmhála agus na seirbhísí óige atá ag déanamh difríochta!

## Catagóirí na nGradam

Déanann Gradaim na Seachtaine Feasachta Seas Suas ceiliúradh ar na bealaí ina dtagann daltaí agus baill foirne le chéile ar mhaithe le cuimsiú LADTA+. Tá sé mar aidhm ag catagóirí na ngradam aird a tharraingt ar fheiceálacht, abhcóideacht agus oideachas LADTA+ le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas.

### Gradam Tionchair na Seachtaine Feasachta Seas Suas

Aitheantas a thabhairt do chláir de chuid na Seachtaine Feasachta Seas Suas ina mbíonn imeachtaí a imríonn tionchar, a bhíonn dea-eagraithe agus a chomhlíonann cuspóirí na Seachtaine Feasachta Seas Suas.

### Gradam Téama na Seachtaine Feasachta Seas Suas

Aitheantas don léirmhíniú cruthaitheach ar théama na Seachtaine Feasachta Seas Suas 2025.

### Gradam Feiceálachta na Seachtaine Feasachta Seas Suas

Aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí a d'fhéach le cur le feiceálacht na bhféiniúlachtaí LADTA+ agus iad a chur san áireamh i measc phobal na scoile le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas.

### Gradam Léiriú Cruthaitheach na Seachtaine Feasachta Seas Suas

Aitheantas a thabhairt don úsáid a bhaintear, ar bhealach a imríonn tionchar, as an ealaín, an ceol, an scríbhneoireacht nó as gnéithe cruthaitheacha eile don tSeachtain Feasachta Seas Suas.


### Gradam Grianghrafadóireachta na Seachtaine Feasachta Seas Suas

Aitheantas a thabhairt do na grianghraif ba mhó a raibh tionchar acu agus a tógadh le linn d'imeachtaí na Seachtaine Feasachta Seas Suas a bheith ar bun.

### Gradam Rannpháirtíocht na hÓige na Seachtaine Feasachta Seas Suas

Aitheantas a thabhairt do leibhéil arda rannpháirtíochta ó dhaoine óga agus an tSeachtain Feasachta Seas Suas á pleanáil agus á reáchtáil.

Anuraidh, bhí go leor iarratais dhochreidte againn le roghnú astu. Buíochas agus comhghairdeas ollmhór arís le gach duine a chuir iarratas isteach. Bhí cáilíocht agus caighdeán na n-iarratas thar a bheith ard i ngach cás agus thug siad léargas ar an obair iontach atá ar siúl ar fud na tíre. Ní fhéadfadh a bheith againn, áfach, ach buaiteoir amháin i ngach catagóir, rud nach raibh éasca - bhí dhá bhuaiteoir i gcuid de na catagóirí!



## Aird á tharraingt ar Bhuaiteoirí Ghradaim na Seachtaine Feasachta Seas Suas 2024

Rinne Gradaim na Seachtaine Feasachta Seas Suas 2024 ceiliúradh ar iarrachtaí den scoth le timpeallachtaí LADTA+, a bheadh tacúil agus cuimsitheach, a chruthú. Fud fad na tíre, léirigh scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus seirbhísí óige cruthaitheacht agus tiomantas eisceachtúil chun cuimsiú na ndaoine LADTA+ a dhéanamh ina rud réalaíoch do dhaoine óga, agus é ceangailte le téama na bliana 2024 'Ag Seasamh Suas inár bPobail'. Léiríonn na hiontrálacha buacacha seo croílár na Seachtaine Feasachta Seas Suas, agus iad ag taispeáint rannpháirtíocht den scoth maidir le feiceálacht, abhcóideacht agus oideachas LADTA+. Faigh amach faoi bhuaiteoirí na bliana 2024 anseo thíos!

## Buaiteoirí Ghradaim na Seachtaine Feasachta Seas Suas 2024

- Gradam Tionchair na Seachtaine Feasachta Seas Suas:

  **Meánscoil Ag Foghlaim Le Chéile Luimnigh**

- Gradam Téama na Seachtaine Feasachta Seas Suas:

  **Coláiste Pobail Inis Córthaigh agus Coláiste na Trócaire, Ros Comáin**

- Gradam Feiceálachta na Seachtaine Feasachta Seas Suas:

  **dhá bhuaiteoir, Meánscoil Naomh Muire, Glas Naíon agus Scoil Pháirc Chill Fhionntain**

- Gradam Léiriú Cruthaitheach na Seachtaine Feasachta Seas Suas:

  **Scoil Pobail Choill an Chollaigh**

- Gradam Grianghrafadóireachta na Seachtaine Feasachta Seas Suas:

  **Scoil Pháirc Chill Fhionntain**

- Gradam Rannpháirtíocht na hÓige na Seachtaine Feasachta Seas Suas:

  **Meánscoil Ag Foghlaim Le Chéile Luimnigh**




Daltaí agus foireann ó Mheánscoil Naomh Muire, Glas Naíon, Comhbhuaiteoirí Ghradam Feiceálachta na Seachtaine Feasachta Seas Suas 2024, ag bricfeasta bliantúil Bróid Belong To in 2025.



04

# Imeachtaí na Seachtaine Feasachta Seas Suas



# Imeachtaí Sheachtain Feasachta Seas Suas 2025

Gach bliain, glacann scoileanna, seirbhísí óige agus ionaid Ógtheagmhála páirt i réimse leathan de ghníomhaíochtaí don tSeachtain Feasachta Seas Suas. Tá téama na bliana seo don tseachtain Feasachta Seas Suas ag teacht go hiomlán le Bí Cineálta, d'fhonn cur chuige réamhghníomhach don scoil uile a chur chun cinn i leith na cuimsitheachta, mar bhealach leis an mbulaíocht a stopadh.[2] Tá sé tábhachtach a fháil amach faoin gcaoi a gcuidíonn gach ceann de na gníomhaíochtaí leis an tuiscint ar na féiniúlachtaí LADTA+ a chur chun cinn, faoin mbealach a gcuireann siad leis an bhfeasacht maidir le nósanna imeachta frithbhulaíochta agus a mbaineann siad le pobal na scoile i gcoitinne. Agus gníomhaíochtaí á reáchtáil agat le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas, déan do mhachnamh ar an gcaoi a gcuireann gach ceann de na gníomhaíochtaí seo cineáltas, meas, comhbhá agus a bheith ag aireachtáil ar a suaimhneas chun cinn i measc na scoláirí i do shuíomh féin.

## Amchlár Samplach d'Imeachtaí

### Dé Luain, 3 Samhain
### — An Seoladh

Cuir tús leis an tSeachtain Feasachta Seas Suas le fógra faoin tSeachtain a chur chuig an scoil ar fad chomh maith le breac-chuntas ar a bhfuil i gceist. Is féidir é seo a dhéanamh trí fhógra na maidine nó tionól scoile uile a eagrú. Roinn cuspóir na Seachtaine Feasachta Seas Suas leo, ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le téama 2025 a bheith nasctha go dlúth le *Bí Cineálta*. Cuir beocht in *Bí Cineálta*! D'fhéadfá labhairt faoin tábhacht a bhaineann leis an gcuimsiú a chur chun cinn agus aird a tharraingt ar an tionchar a bhíonn ag an mbulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach. Ina dhiaidh sin, má tá crann brataí agat, d'fhéadfá a shocrú go n-ardófaí bratach bhród mar searmanas oscailte.

### Dé Máirt, 4 Samhain
### — Comhráite agus Cruthaitheacht

Tá sé thar am a bheith feiceálach! Cén chaoi a bhféadfá timpeallacht a chruthú ina bhfuil sé an-soiléir go bhfuil daoine LADTA+ á gcur san áireamh? Bí cruthaitheach agus maisigh cláir fógraí in áiteanna atá feiceálach ar mhaithe le timpeallacht scoile atá fáilteach agus éagsúil a chruthú. Tosaigh dúshlán póstaeir ina mbeidh teachtaireachtaí cineáltais a d'fhéadfaí a thaispeáint ar chlár na bhfógraí i rith na seachtaine. Is bealach iontach iad na gníomhaíochtaí seo le bheith cruthaitheach agus deiseanna a chruthú chun comhráite a thosú maidir le comhbhá, feiceálacht agus cuimsiú.

### Dé Céadaoin, 5 Samhain
### — Ag Foghlaim ón Taithí Saoil

Tabhair cuireadh do chainteoir ón taobh amuigh teacht go dtí an scoil, an tseirbhís óige nó an t-ionad Ógtheagmhála agus labhair faoi chuimsiú LADTA+ agus faoi thionchar na bulaíochta homafóbaí agus trasfhóbaí. B'fhéidir go bhféadfadh seisiún Ceisteanna agus Freagraí a bheith agaibh i ndiaidh na cainte nó plé a thosú sa seomra ranga, le go mbeidh deis ag na scoláirí atá laistigh de do shuíomh a machnamh a dhéanamh ar ábhair ar nós comhbhá agus cuimsiú. Nuair a bhíonn cainteoir á roghnú agat le teacht chun na scoile nó chuig d'ionad, b'fhiú i gcónaí do mhachnamh a dhéanamh ar an treoir ón Roinn Oideachais agus Óige[11] agus treoir na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta[12] maidir le dea-chleachtas agus éascaitheoirí seachtracha á n-úsáid.

### Déardaoin, 6 Samhain
### — ag Déanamh agus ag Bácáil

Tosaigh ag bácáil agus eagraigh díolachán cístí tuar ceatha nó imeacht Spill the Tea! Is carthanas é Belong To a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil chun teacht i gcabhair ar dhaoine óga LADTA+ ar fud na hÉireann. Smaoinigh ar an airgead a bhailítear ón díolachán a bhronnadh ar an gcúis iontach seo.

### Dé hAoine, 7 Samhain
### — Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha agus an Ceiliúradh Clabhsúir

Tabhair an tseachtain chun críche agus cruthaigh bratach tuar ceatha le lá na ngeansaithe tuar ceatha! Spreag gach duine le geansaí a chaitheamh a chruthaíonn na dathanna atá ar an mbratach tuar ceatha: dearg, oráiste, buí, glas, gorm agus corcra. Ná déan dearmad roinnt grianghraf a thógáil agus iad a chur isteach mar chuid de d'iarratas ar Ghradaim na Seachtaine Feasachta Seas Suas 2025. Críochnaigh an tseachtain le seisiún machnaimh faoi stiúir na ndaltaí nó trí theachtaireachtaí ó dhúshlán na bpóstaer a roinnt ar chlár na bhfógraí. Bealach iontach atá anseo leis an gcuimsiú a chur chun cinn agus na daltaí a chur ag machnamh ar a bhfuil i gceist leis an tseachtain ar fad, lena n-áirítear tionchar na bulaíochta homofóbaí agus trasfhóbaí.

# Gníomhaíochtaí don tSeachtain Feasachta Seas Suas

An bhfuil inspioráid uait le haghaidh do Sheachtain Feasachta Seas Suas? Féach ar chuid de na gníomhaíochtaí agus na bearta iontacha a rinne ár scoileanna, ár seirbhísí óige agus ár n-ionaid Ógtheagmhála ar fud na hÉireann anuraidh:

## Seol do Chlub LADTA+ agus Comhpháirtithe

Má sheolann tú Club LADTA+ agus Comhpháirtithe le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas is bealach iontach é le dlúthpháirtíocht le do dhaltaí LADTA+ agus a gcomhpháirtithe a thaispeáint. Cruthaíonn siad spásanna atá sábháilte, feiceálach agus tacúil do dhaoine óga LADTA+ agus dá gcomhpháirtithe, ag cothú nasc agus ag cur mothú pobail agus muintearais chun cinn laistigh de do shuíomh oideachais.[10] Má eagraíonn tú tionól scoile ina ndéanann baill foirne agus scoláirí cur síos ar an gclub deis iontach atá ann leis an scéal a scaipeadh. B'fhéidir gur mhaith leat póstaeir a chur ar do chlár fógraí Bród chun aird a tharraingt ar na hamanna agus na laethanta a mbíonn an club ar siúl. Is bealaí iontacha iad seo le seans a thabhairt do dhaltaí a d'fhéadfadh a bheith neirbhíseach nó imníoch faoin eolas seo a iarraidh iad féin. An bhfuil Club LADTA+ agus Comhpháirtithe agat cheana féin? Deis iontach atá sa tSeachtain Feasachta Seas Suas leis an sár-obair atá déanta go dtí seo a roinnt leis an bhfoireann agus leis na daoine óga.

## Taispeáin Scannán LADTA+

Uair amháin eile, tá Belong To ag oibriú i bpáirt le hInstitiúid Scannán na hÉireann (IFI), Baile Átha Cliath, chun líon teoranta de thaispeántais ar líne saor in aisce de scannáin LADTA+ a thairiscint do na scoileanna a ghlacfaidh páirt. Breathnaigh ar ár leathanach **www.belongto.org/standup** ➔ i mí na Samhna chun teacht ar shonraí faoi na scannáin atá ar fáil don bhliain 2025 agus cuir seans le breathnú orthu isteach i do sceideal don tSeachtain Feasachta Seas Suas.

## Ceangail leis an gCuraclam

Le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas, agus i rith na bliana, má dhéantar féiniúlachtaí, taithí agus dearcthaí na ndaoine LADTA+ a chomhtháthú sa churaclam bealach iontach atá ann le cuimsiú na ndaoine LADTA+ a choinneáil ag imeacht sa seomra ranga. Nuair a bhíonn féiniúlachtaí LADTA+ curtha san áireamh sa churaclam tugann sé deis do na daltaí a machnamh a dhéanamh maidir le daoine LADTA+ a bheith á gcuimsiú, rud a chruthaíonn atmaisféar fáilteach sa seomra ranga. Is féidir saothair le daoine óga a bhaineann le téamaí LADTA+ a thaispeáint i do leabharlann, sa halla nó ar an mbealach isteach. Tugann ár n-acmhainní do churaclam na sraithe sóisearaí moltaí a chabhróidh leat teacht ar bhealaí a bhféadfadh raon ábhar, ar nós eolaíocht, gnó, matamaitic, stair agus tíreolaíocht daoine LADTA+ a chur san áireamh. Den chéad uair i mbliana, tá acmhainní againn freisin do churaclam na sraithe sinsearaí, a bheidh tú in ann a úsáid chun féiniúlachtaí LADTA+ a thabhairt isteach sa seomra ranga. Faigh tuilleadh eolais faoi acmhainní na sraithe sinsearaí ar **leathanach 15** ➔.

## Siúlbhealach Tuar Ceatha

Is léiriú amhairc iad na siúlbhealaí tuar ceatha sna scoileanna den chuimsitheacht LADTA+ agus péinteáladh iad i go leor bailte agus cathracha in Éirinn leis an bpobal LADTA+ a cheiliúradh. Léiríonn na siúlbhealaí seo go bhfuil meas ar dhaoine LADTA+ sa phobal sin agus go bhfuiltear á gceiliúradh. An bhfuil áit éigin ar do thailte nó i d'fhoirgneamh féin ina bhféadfadh sibh siúlbhealach tuar ceatha de bhur gcuid féin a chruthú? Cruthaigh an siúlbhealach le péint nó cailc ag an ngeata ar an mbealach isteach, nó maisigh pasáiste, halla nó doras tosaigh le dathanna an tuar ceatha chun a thaispeáint go bhfuil do scoil, d'ionad Ógtheagmhála nó do sheirbhís óige ag cur daoine LADTA+ san áireamh.



## Eagraigh d'imeacht *Spill the Tea* féin



Cuir síos an citeal agus tabhair tacaíocht do dhaoine óga LADTA+ fud fad na hÉireann inniu. Gach bliain don tSeachtain Feasachta Seas Suas, reáchtálann scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus seirbhísí óige ar fud na tíre díolacháin bácála, maidineacha caife agus comórtais bácála le haghaidh airgead a bhailiú chun tacú leis an obair atá ar bun againn le beatha daoine óga LADTA+ a shábháil. Nuair a eagraíonn tú imeacht Spill the Tea tugann sé deis an-mhaith duit teagmháil a dhéanamh le gach duine i do phobal scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí agus caomhnóirí, siblíní, baill de do Bhord Bainistíochta agus go leor daoine nach iad. D'fhéadfá an ócáid a úsáid le labhairt faoin tábhacht a bhaineann leis an gcineáltas, an meas agus an chomhghuaillíocht - agus níos tábhachtaí fós, spraoi a bheith agaibh.


Tabhair cuairt ar ár mol ar líne chun do phacáiste tiomsaithe airgid *Spill the Tea* a fháil. **Tá gach rud ann a theastóidh uait le himeacht den scoth a eagrú ➔**.

## Tiomsú Airgid

Oibríonn Belong To chun Éire a chruthú ina mbeidh comhionannas ag gach duine óg LADTA+ agus ina mbeidh siad sábháilte agus faoi bhláth. Chuige seo úsáideann muid ár dtacaíochtaí túslíne agus ár ngrúpaí óige, chomh maith le hoiliúint agus abhcóideacht. Tá neart bealaí ann le tacú lenár seirbhísí i rith na Seachtaine Feasachta Seas Suas, mar shampla d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí €2 a thabhairt isteach le haghaidh Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha, crannchur tuar ceatha a reáchtáil nó díolachán bácála ar théama LADTA+ a eagrú. Más mian leat an pacáiste faoi thiomsú airgid a fháil, déan teagmháil le Chris (sé/é) ónár bhFoireann Tiomsaithe Airgid: **fundraising@belongto.org** / 01 670 6223.

## Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha

Cruthaigh bratach tuar ceatha! Spreag gach duine le geansaí a chaitheamh ar a bhfuil dathanna na brataí tuar ceatha: dearg, oráiste, buí, glas, gorm agus corcra do Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha a eagraíonn Belong To. Ná déan dearmad slám grianghraf a thógáil agus iad a roinnt linn. Bain úsáid as na grianghraif seo agus d'ainmniúchán do na gradaim á chur isteach agat!



## Léigh an Tuar Ceatha

Níl am níos fearr ná an tSeachtain Feasachta Seas Suas chun rannóg leabharlainne LADTA+ nua nó nuashonraithe a sheoladh i do scoil, san ionad Ógtheagmhála nó i do sheirbhís óige. D'fhéadfaí gníomhaíocht 'Read the Rainbow' a eagrú i rith na seachtaine, agus cuireadh á thabhairt do dhaoine óga moltaí a chur chun cinn faoi úrscéalta LADTA+ a thaitin leo nó ar mhaith leo iad a léamh. Is áit iontach eile chun inspioráid a fháil é an liosta 'Rainbow Reads', atá curtha le chéile ag Leabhair Pháistí Éireann agus An Post. Déanann an liosta réimse leathan leabhar LADTA+ a chur i gcatagóirí de réir aoisghrúpa, agus tá sé ar fáil ónár mol **oideachais ar líne ➔**.

## Clár Fógraí Bród

Roghnaigh clár fógraí tiomnaithe, clár bán nó balla chun teachtaireachtaí uileghabhálacha maidir le LADTA+ a thaispeáint ó cheann ceann na bliana. I measc na bhfógraí, d'fhéadfaí sonraí faoin ngrúpa áitiúil LADTA+ do dhaoine óga, sonraí teagmhála na seirbhísí tacaíochta LADTA+ ar nós Belong To agus grúpaí óige LADTA+ áitiúla eile, chomh maith le hainmneacha na mball foirne atá i gceannas ar fholláine, treoir agus cuimsitheacht LADTA+ a áireamh. Le linn Sheachtain Feasachta Seas Suas, tabhair cuireadh do na comhpháirtithe a n-ainmneacha a shíniú ar an gclár fógraí Bród nó iarr orthu teachtaireachtaí tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a fhágáil don phobal LADTA+.

## Nua i mBliana: Acmhainní maidir leis an gComhionannas Pósta in Éirinn

Seoladh an acmhainn 'Comhionannas Pósta in Éirinn' le haghaidh scoileanna in 2025 ar mhaithe le ceiliúradh a dhéanamh ar go bhfuil sé 10 mbliana anois ó bhí an toradh stairiúil againn in Éirinn ón reifreann ar an gcomhionannas pósta. Tá trí ghníomhaíocht san acmhainn seo, ina measc feachtais a chruthú, agus díospóireachtaí agus scéalaíocht a éascú, agus d'fhéadfaí iad seo a úsáid le staidéar a dhéanamh ar an gcaoi ar chuidigh an cineáltas, an fheiceálacht agus an ghníomhaíocht shibhialta le hathrú sóisialta a chur i gcrích in Éirinn. **Breathnaigh ar an acmhainn atá inár mol acmhainní ar líne ➔**.

# Ag díriú ar an Oideachas Ionchuimsitheach – Scéal Tara

## A Reflection Resource for Educators



**Tara McCarthy**
Tá Tara (sí/í) ina ball de Phainéal Chomhairleach Óige Belong To. Tá Tara ag scríobh anseo faoina taithí ar a bheith LADTA+ agus í ar scoil, agus chomh mór agus a chuaigh Club Tuar Ceatha na scoile i bhfeidhm uirthi.

### Ionsaithe ar Gach Taobh

''Más cath atá sna scrúduithe, cogadh atá sa scoil'' Gach duine againn go cruachúiseach, ag sracadh linn i saol an scoláire, ag críochnú gach téarma ceann ar cheann agus ag muid ag tnúth leis an rud cinniúnach sin - an Ardteistiméireacht, a bhfuil an oiread drogaill roimpi. Bhuel, sin é an chaoi a raibh mo shaolsa ar aon chaoi, nó gur tharla an pléascadh. GO TOBANN! Thuig mé go raibh mé aiteach. Cé go raibh mé croite, trína chéile agus stangaire déanta díom ag an tuiscint a tháinig chomh tobann, mar sin féin, taobh amuigh, bhí gach rud... fanta mar a bhí. Lean an saol ar aghaidh, an clog ag dul timpeall, bhí na haistí nár chríochnaigh mé ag fanacht liom ar mo dheasc.

Is féidir liom a rá go hionraic gur ar an gcaoi sin a tháinig mé ar an tuiscint gur duine LADTA+ a bhí ionam. An nóiméad 'a bhfuair mé splanc léargais'. ''Sin é an fáth a mbraithim mar seo.'' Hm. "Tá ciall le rudaí anois -" HA, TÁ MUIS! Ach ní raibh aon am ann do na smaointe seo. Caitheann tú dul ar scoil mar is gnáth ag 9r.n an mhaidin dár gcionn agus múinteoirí ag stánadh ort ar nós nach raibh an splanc léargais ba mhó riamh faighte agat an oíche roimhe sin. Ach sin é fírinne an scéil i gcás scoláirí aiteacha ar fud na tíre, san am a caitheadh, faoi láthair agus amach anseo; gnéasacht agus/nó inscne duine á nochtadh i measc na cogaíochta a bhaineann leis an oideachas.

Mar sin, caithfidh tú fuineadh de réir na mine. Is léir, sciobtha go leor, go bhfuil buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le bheith i do scoláire LADTA+ sa lá atá inniu ann. Go tobann bíonn ceisteanna agat. "An raibh sé le tabhairt faoi deara an t-am ar fad? Cé dó a n-inseoidh mé? Cé

hiad na daoine a bhfanfaidh mé glan orthu?'' Agus anois suíonn tú suas díreach sna ranganna OSPS, ag iarraidh a bheith ar nós a bhíteá i gcónaí, ach an t-allas ag sileadh leat agus thú ag éisteacht go haireach mar go mbaineann an t-ábhar oideachais ar ghnéasachtaí leatsa anois. ''Tá siad ag caint fúmsa,'' a deir tú leat féin agus súil le Dia agat nach bhfeicfidh daoine eile an t-allas ar do bhosa. Tugann tú tréithe eile faoi deara i measc do chairde freisin. Insíonn siad jócanna atá rud beag maslach (mar a dhéanann gach déagóirí atá 'teanntasach') faoin "dream aiteach sin", ach an babhta seo déanann tú gáire neirbhíseach. ''An domsa a bhí siad ag tagairt?'' B'fhéidir nach bhfuil siad chomh barrúil céanna, anois gur ortsa atá siad dírithe. De réir a chéile, athraíonn an ghaoth mar gheall go dtuigeann tú anois den chéad uair cé tú féin. Athruithe ag teacht chugat ar an ngaoth. Ualach intinne ag a bhfuil tú cráite.

Ach tá tuar dóchais ann! Tá buntáistí ag baint le bheith aiteach. Ceann acu is ea an pobal, agus an tuiscint go bhfuil muid ar fad "sa mbád céanna!". Creidim go mbíonn an báire leat nuair a 'aimsíonn tú do threibh'; go mbíonn tú in ann daoine a thaitníonn ceart leat a chruinniú thart ort. Sin é an fáth gur éirigh mo shaol mar scoláire i bhfad níos éasca nuair a ghlac mo scoil le clár cuimsithe a bhí dírithe ar ábhair LADTA+. Bhreathnaigh mo scoil go grinn ar bhealaí éagsúla le hatmaisféar níos sábháilte a chruthú, a fheabhsú agus a choinneáil ag imeacht, lena n-áirítear club 'tuar ceatha' a bhunú. Grúpa a tháinig le chéile uair sa tseachtain le freastal go speisialta ar dhaltaí 'tuar ceatha', a gcairde agus a gcomhpháirtithe. Nuair a bunaíodh an grúpa seo bhí saol na scoile anois suaimhneach domsa, in áit a bheith corrach mar a bhí roimhe sin. Bhain sé cuid den ualach díom nuair a thuig mé chomh luath agus a shiúlfainn isteach an doras go mbeadh glacadh liom. Ní bhíonn aon imní ar dhuine istigh sa seomra seo agus is cinnte nach mbíonn aon fhaitíos ort.

Níl aon mhíbhuntáiste ag baint le club tuar ceatha den chineál seo. Bíonn na scoláirí in ann bualadh le daoine eile, atá ag glacadh lena bhféiniúlachtaí féin chomh maith. Cothaítear naisc agus ní fada gur dlúthchairdis a bhíonn iontu. Cuirtear 'crios síochána' ar fáil, áit nach gá d'aon duine dul i bhfolach, agus inar féidir le daoine a bheith dílis dóibh féin. Chomh maith leis sin, ainmníonn an club múinteoirí atá cineálta agus a thugann tacaíocht, rud atá an-tábhachtach dá dteastódh ó scoláire a bheadh ag streachailt labhairt le múinteoir amach anseo. Is é bun agus barr an scéil ná go bhfuil spraoi ag baint le club tuar ceatha. Imrítear cluichí, eagraítear díospóireachtaí, agus b'fhéidir fiú go mbeadh rudaí bácáilte á roinnt! Cúinne cúlráideach, lán le grá, le héalú ó dháiríreacht na scoile.

Is dona an rud é a bheith ag déanamh imní faoin staidéar agus faoi ghnéasacht ag an am céanna. Ach tá leigheasanna agus réitigh ann ach iad a thóraíocht. Faigh faoiseamh éigin. Is cuma an amhlaidh go dtéann tú chun cainte le duine éigin, go dtugann cuairt ar dhuine éigin nó go dtosaíonn tú ag cleachtadh rud éigin. Ach cuimhnigh air seo: rachaidh an gleo, an raic agus an diúltachas leanúnach seo i léig, agus ní fada go mbeidh muid i mbarr ár maitheasa arís.''

*Foilsíodh an t-alt seo i dtosach in eagrán mhí an Mheithimh 2025 de GCN - meán na n-aiteach in Éirinn.*

# Tagairtí


1. Higgins, A.; Downes, C;. O'Sullivan. K.; de Vries, J.; Molloy, R.; Monahan, M.; Keogh, B.; Doyle, L.; Begley, T.; & Corcoran, P. (2024) *Being LGBTQI+ in Ireland: The National Study on the Mental Health and Wellbeing of the LGBTQI+ Communities in Ireland.* Baile Átha Cliath: Belong To. Ar fáil anseo.

2. An Roinn Oideachais agus Óige (2024) *Bí Cineálta: Nósanna imeachta do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil anseo.

3. Pizmony-Levy, O. (2022) *The 2022 Irish National School Climate Survey Report.* Research Report. Global Observatory of LGBTQ+ Education and Advocacy. Nua-Eabhrac: Teachers College, Ollscoil Cholumbia. Ar fáil anseo.

4. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) *Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil anseo.

5. An Roinn Oideachais (2023) *Cineáltas: Action Plan on Bullying Implementation Plan 2023-2027.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil anseo.

6. An Roinn Oideachais (2024) *Acmhainní Bí Cineálta do Bhunscoileanna, Iar-bunscoileanna agus Tuismitheoirí.* Ar fáil anseo.

7. Dooley, B.; O'Connor, C.; Fitzgerald, A.; & O'Reilly, A. (2020) *My World Survey 2: National Study of Youth Mental Health in Ireland.* Dublin: Jigsaw and UCD School of Psychology. Ar fáil anseo.

8. An Roinn Oideachais (2016) *Taithí Mhuintir LADT ar scoil.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus GLEN. Ar fáil anseo.

9. An Roinn Oideachais (2019) Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais. Ar fáil anseo.

10. Marx, R. A. and Kettrey, H. H. (2016) 'Gay-straight alliances are associated with lower levels of schoolbased victimization of LGBTQ+ youth: A systematic review and meta-analysis', Journal of Youth & Adolescence, 45 (7). Ar fáil anseo.

11. An Roinn Oideachais, Ciorclán uimhir 0043/2018. Ar fáil anseo.

12. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Plé ar úsáid agus ar ról na n-aoichainteoirí in OSPS/OCG Ar fáil anseo.

Belong To LGBTQ+ Youth Ireland

**Is eagraíocht náisiúnta é Belong To a thacaíonn le daoine óga LADTA+.**

Ó 2003 i leith, d'oibríomar le daoine óga LADTA+ ar fud na hÉireann ionas go mbeidh siad sábháilte agus go mbeidh tacaíocht ar fáil dóibh trínár seirbhísí. Inis do do chuid daltaí agus do ghrúpaí óige faoi Belong To agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear grúpaí óige LADTA+, comhairleoireacht ghéarchéime le Pieta agus seirbhísí tacaíochta digiteacha.

I gcás oideachasóirí, cuirimid oiliúint, tacaíocht agus tionscnaimh ar líne ar fáil amhail Dearbhú Cáilíochta LADTA+. I gcás oibrithe leis an óige, tugaimid tacaíocht don Líonra Náisiúnta de ghrúpaí óige LADTA+ agus reáchtálaimid an Rainbow Award – clár creidiúnaithe atá dírithe ar ghníomhaíocht a thacaíonn le cur chuige uile-eagraíochta mar a bhaineann le seirbhísí atá sábháilte agus tacúil a chur ar fáil do dhaoine óga LADTA+.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.belongto.org**